



ConnectG

Ag obair le chéile ar mhaithe le seirbhísí poiblí éifeachtacha a sheachadadh chun tacú le fás fiontar Gaelach

Faoi ConnectG

Seoladh an tionscadal ConnectG, Dé Céadaoin 26 Meitheamh ag comhdháil idirnáisiúnta na gComharsan Ceilteacha atá ar siúl i Sabhal Mòr Ostaig, an tEilean Sgitheanach, Albain. Féachann an tionscadal le comhoibriú a mhéadú idir Albain, Tuaisceart Éireann agus Éirinn agus naisc níos láidre a chothú idir gnóthaí atá ag úsáid Gàidhlig agus Gaeilge.

Shínigh na trí pháirtí sa tionscadal – Sabhal Mòr Ostaig, Albain, Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Tuaisceart Éireann agus Údarás na Gaeltachta, Poblacht na hÉireann – an comhaontú comhpháirtíochta a chuireann tús leis an togra milliún punt seo le tacú le fiontair a ngnóthaí a fhás trí níos mó úsáide a bhaint as a sócmhainn teanga.

Beidh an tionscadal seo, atá tacaíte ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa INTERREGIVA chomh maith le Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Rialtas na hAlban agus Sabhal Mòr Ostaig, ar siúl ar feadh níos mó ná dhá bhliain agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil do thurasóireacht, d'fhiontair meán agus shóisialta. Déanfar measúnú ar ghnéithe éagsúla ConnectG agus cuirfidh sé seo taca faoi straitéis a fhorbairt do chomhoibriú sa todhchaí idir gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí. Táthar ag súil ansin go soláthróidh an straitéis seo éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos mó i dtacaíocht teanga sa todhchaí.

D'fháiltigh Donnie Munro, cathaoirleach ghrúpa stiúrtha Connect G, roimh an togra. “Tá obair déanta againn le roinnt blianta chun an tionscadal seo a fhorbairt agus tá áthas orainn a fheiceáil anois go bhfuil toradh ar an obair sin. Creidimid go gcuirfidh sé deiseanna tábhachtacha ar fáil do réimse leathan fiontair sna trí cheantar agus go n-éascóidh sé fás in úsáid teanga i ngnó.”

Chuir Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta um Chláir Speisialta AE, fáilte roimh an tionscadal ag rá: “Is dea-shampla é an tionscadal trípháirteach seo den chineál oibre cruthaithí dírithe ar fhiontar gur féidir tacú léi trí mhaoiniú an Aontais Eorpaigh. Trí pháirtithe a thabhairt le chéile ó na trí cheantar sa réimse incháilithe le húsáid na dteangaí Gaeilge i ngnó a chur chun cinn, cuirfidh sé gréasán tacaíochta ar fáil d'fhiontair áitiúla a sholáthróidh iomaíochas níos mó agus cuideoidh sé le húsáid teanga níos forleithne. Tá sé seo ag teacht go mór le haidhmeanna Chláir INTERREG IVA a fhéachann le comhoibriú tras-teorann feabhsaithe a chur chun cinn d'fhonn réigiún níos rathúla.”

Dúirt Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta go raibh áthas ar an Údarás a bheith páirteach i dtionscadal ConnectG. “Fáiltímid roimh an deis oibriú agus comhoibriú le Sabhal Mòr Ostaig agus Cultúrlann McAdam Ó Fiach agus leis na gníomhaireachtaí eile chun na buntáistí eacnamaíochta agus cultúrtha a bhaineann le huasmhéadú úsáid na Gaeilge ina ngnó, a léiriú d'fhiontair.”

Dúirt Eimear Ní Mhathúna, Príomhfheidhmeannach Chultúrlann McAdam Ó Fiach: “Tá an-áthas ar Chultúrlann McAdam Ó Fiach bheith páirteach sa togra seo, a chuirfidh go mór le próifíl ghnólachtaí Gaeilge idir Alba agus Éire agus a spreagfaidh agus a thabharfaidh tacaíocht d'fhiontraíocht úr, ag cur le húsáid na dteanga.”

Faigheann tionscnamh ConnectG maoiniú ó INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
Tha am pròiseact ConnectG air a mhaoinéachadh le INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
The ConnectG project is funded by the EU's INTERREG IVA, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Scottish Government and Sabhal Mòr Ostaig



An tAontas Eorpach
Ciste Forbraíochta
Réigiúnaí na hEorpa
Ag infheistiú i do dhán



ConnectG

Ag obair le chéile ar mhaithe le seirbhísí poiblí éifeachtacha a sheachadadh chun tacú le fás fiontar Gaelach
Ceapfar foireann de cheathrar chun an tionscadal leathan seo a sheachadadh. Beidh beirt lonnaithe in Sabhal Mòr Ostaig, duine in Údarás na Gaeltachta agus duine eile idir Cultúrlann McAdam Ó Fiach agus Cumann Pobail Charn Tóchair.

ConnectG

Cothóidh an tionscadal seo, atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, comhoibriú idir na gníomhaireachtaí a thacaíonn le teangacha Gaeilge na hÉireann agus na hAlban chun deiseanna d'fhás geilleagrach a chruthú. Beidh an foireann a cheapfar freagrach as an tionscadal a sheachadadh sna ceantair INTERREGIVA.

Stiúrthóir (lánaimseartha go dtí 30 Meitheamh 2015) – lonnaithe i Sabhal Mòr Ostaig, Albain

Riarthóir (lánaimseartha go dtí 30 Meitheamh 2015) – lonnaithe i Sabhal Mòr Ostaig, Albain

Bainisteoir Oiliúna (lánaimseartha go dtí 31 Márta 2015) – lonnaithe in Údarás na Gaeltachta, Dún na nGall (féach thíos)

Bainisteoir Margaíochta (lánaimseartha go dtí 31 Márta 2015) – lonnaithe i gCultúrlann McAdam Ó Fiach, Béal Feirste

Dáta deiridh d'iarratais ná 9 Iúil 2013

Féach thíos d'eolas breise ar phost an Bhainisteora Oiliúna a bheidh lonnaithe in oifig Údarás na Gaeltachta i nDún na nGall

D'eolas breise, chomh maith le conas iarratas a dhéanamh, téigh go dtí www.aspenpeople.co.uk/connectg

BAINISTEOR OILIÚNA

Cuspóir: Tuisctint na rannpháirtithe a mhéadú i ndáil leis na deiseanna gur féidir leis an Ghaeilge a thabhairt d'fhiontraíocht agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna chun iad sin a chur i bhfeidhm.

Is í oiliúint an phríomheilimint laistigh den togra de bhrí go dtugann sí le chéile na seirbhísí poiblí d'fhás teanga agus d'fhorbairt fiontair sna hearnálacha atá roghnaithe do na tionscnaimh phíolótacha. Is post ag leibhéal bainistíochta sinsearach é seo ar mhaithe le duine a mhealladh a mbeidh ar a c(h)umas gníomhú go straitéiseach laistigh den togra maraon le gníomhaíochtaí traenála a stiúradh go himhfolta. Beidh an post lonnaithe in Údarás na Gaeltachta i nGaoth Dobhair.

Faigheann tionscnamh ConnectG maoiniú ó INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
Tha am pròiseact ConnectG air a mhaoinéachadh le INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
The ConnectG project is funded by the EU's INTERREG IVA, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Scottish Government and Sabhal Mòr Ostaig



An tAontas Eorpach
Ciste Forbraíochta
Réigiúnaí na hEorpa
Ag infheistiú i do dhán



ConnectG

Ag obair le chéile ar mhaithe le seirbhísí poiblí éifeachtacha a sheachadadh chun tacú le fás fiontar Gaelach Beidh bunú na traenála do na hearnálacha píolótacha faoi cheannaireacht an Bhainisteoir Oiliúna, iad seo a leanas san áireamh:

- meantóirí a aimsiú i gcomhair fás ardleibhéil
- an próiseas meantóireachta a bhainistiú do na comhlachtaí
- clár a fhorbairt faoi choinne cúrsaí ardleibhéil i smaointeoireacht chruthaitheach, díolachán agus margaíocht
- na cláracha a fhorbairt don imeacht ‘Gabh chuig an Mhargadh’ (‘Go to Market’) d’earnáil na meán
- maoirseacht a dhéanamh ar an chúrsa agus na modúil tiontúcháin na Gaeilge go Gàidhlig na hAlban, cúrsa dar teideal ‘Uaimse Chugatsa’ (‘From me to you’), agus
- i gcomhar leis an Bhainisteoir Margaíochta, an t-ábhar a fhorbairt agus a sheachadadh i ndomhan ilteangach.

Iarmhairt: Níos mó scileanna i bhfiontair Ghaelacha; fás comhlachta; acmhainní traenála agus margaíochta ar líne

Sonraíocht an Phoist: Bainisteoir Oiliúna

Príomhchuspóir/spríocanna an phoist:

An fhorbairt oiliúna agus na feidhmeanna tacaíochta go léir a chur ar fáil don togra INTERREG IVA, dar teideal ‘ConnectG’, agus comhphárteanna traenála a sheachadadh

1. Gnéithe traenála an togra a sheachadadh go rathúil straitéiseach a bhuíochas do cheannaireacht dhinimiciúil, scileanna eagrúcháin sármhaithe, agus cumarsáid éifeachtach le comhghleacaithe, páirtneírí, páirtithe leasmhara agus tairbhíthe.
2. Ceannaireacht, forbairt agus seachadadh a dhéanamh go héifeachtach ar iomlán chomhphárteanna oiliúna an togra.
3. Oiliúint aghaidh ar aghaidh a fhorbairt agus a sheachadadh
4. Acmhainní oiliúna ar líne a bhainistiú agus a sheachadadh
5. Dearadh agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí traenála a úsáideann ceannairí tionscail chun eolas agus scileanna a chur ar fáil.
6. Caidreamh éifeachtach leis an bhainisteoir margaíochta lena chinntiú go mbeidh bolscaireacht agus fógraíocht oiriúnach agus leanúnach déanta ar an togra, go réigiúnach agus go náisiúnta in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus in Albain.
7. A c(h)uid oibre féin a bhainistiú go héifeachtach trí úsáid a bhaint as daoine maithe, bainistíocht ama agus scileanna eagrúcháin.

Faigheann tionscnamh ConnectG maoiniú ó INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
Tha am pròiseact ConnectG air a mhaoinéachadh le INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
The ConnectG project is funded by the EU's INTERREG IVA, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Scottish Government and Sabhal Mòr Ostaig



An tAontas Eorpach
Ciste Forbraíochta
Réigiúnaí na hEorpa
Ag infheistiú i do dhán



ConnectG

Ag obair le chéile ar mhaithe le seirbhísí poiblí éifeachtacha a sheachadadh chun tacú le fás fiontar Gaelach

8. Cabhrú le haitheantas ar a c(h)uid riachtanais traenála féin agus an traenáil a bheas comhaontaithe a eagrú

9. Dualgaisí réasúnta ar bith eile a bheas comhaontaithe tar éis á bplé leis an Stiúrthóir Tionscadail.

Freagrach as: Forbairt ar thraenáil agus ar mheantóireacht trí sheachadadh aghaidh ar aghaidh agus ar líne.

Bainisteoir Líne: An Stiúrthóir Tionscadail

Tuarastal: Suas go €40,000 sa bhliain

Fad Ama: go dtí 31 Márta 2015

Áit: Beidh an post bunaithe i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall. Mar sin féin, beidh a té a cheapfar freagrach as an traenáil ar fud na dtrí dhlinse faoi INTERREG IVA agus beidh sé riachtanach taisteal ar fud cheantar ConnectG ó am go ham i rith tréimhse an chonartha.

Sonraíocht an Duine

Critéir	Riachtanach	Inmhianaithe
Oilteacht / Inniúlachtaí/ Taithí		
Ceannaireacht	X	
Forbairt agus seachadadh traenála, aghaidh ar aghaidh agus ar líne	X	
Meantóireacht agus cóitseáil	X	
Acmhainní, airgeadas agus am – pleanáil agus bainistíocht	X	
Cumarsáid agus éirim chur i láthair	X	
Cur i gcrích spriocanna faoin sprioc ama agus a c(h)uid spriocdhátaí féin a leagan síos	X	
Bainistíocht Tionscadail	X	
Sainchumais		
In ann deis a fheiceáil agus í a fhíorú	X	
Fuinneúil, dúthrachtach agus díograiseach	X	
Ceannasach agus fulangach	X	

Faigheann tionscnamh ConnectG maoiniú ó INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
Tha am pròiseact ConnectG air a mhaoineachadh le INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
The ConnectG project is funded by the EU's INTERREG IVA, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Scottish Government and Sabhal Mòr Ostaig



An tAontas Eorpach
Ciste Forbraíochta
Réigiúnaí na hEorpa
Ag infheistiú i do dhán




ConnectG

Ag obair le chéile ar mhaithe le seirbhísí poiblí éifeachtacha a sheachadadh chun tacú le fás fiontar Gaelach

Féinspreagtha agus ábalta oibriú mar dhuine d'fhoireann	x	
Láncheadúnas tiomána	x	
Liteartha ar ríomhairí	x	
In ann labhairt agus scríobh go líofa i nGaeilge	x	
Eolach ar gheografaíocht chontaetha na teorann in Éirinn, ar Thuaisceart Éireann agus ar Iarthar na hAlban.		x

Faigheann tionscnamh ConnectG maoiniú ó INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
Tha am pròiseact ConnectG air a mhaoineachadh le INTERREG IVA an AE, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Riaghaltas na h-Alba agus Sabhal Mòr Ostaig
The ConnectG project is funded by the EU's INTERREG IVA, Bòrd na Gàidhlig, MG ALBA, Scottish Government and Sabhal Mòr Ostaig



An tAontas Eorpach
Ciste Forbraíochta
Réigiúnaí na hEorpa
Ag infheistiú i do dhán



ConnectG

Ag obair le chéile ar mhaithe le seirbhísí poiblí éifeachtacha a sheachadadh chun tacú le fás fiontar Gaelach